



Siondróm Prader-Willi

Daisy has always loved school. She participates in all areas of the curriculum with varying levels of support. She has always loved all of her teachers and had a good relationship with them. Each one ... [has] given her time and listened to her ... Daisy has a great big and fantastic personality.

Educating my daughter Daisy, Sharon Cliff, máthair agus múinteoir, ó <http://pwsa.co.uk/main.php>

Tarlaíonn an siondróm seo de bharr mínormáltachta i gcrómasóm 15. Is siondróm comhbheirthe é agus is í seo an chuma fhisiceach ghinearálta a bheidh ar na daltaí: beidh siad íseal murtallach, beidh cruth caol ar a gcuid súl, agus beidh cosa beaga agus lámha beaga orthu. Tá airíonna eile a bhaineann leis an siondróm chomh maith, is iad sin, laghdú ar thónas matán agus moill ar fhorás luailéach. Ba chóir a mheabhrú gur daoine aonair iad daltaí a bhfuil siondróm Prader-Willi orthu agus go mbeidh láidreachtaí agus riachtanais acu atá difriúil óna chéile. Bíonn míchumas foghlama ginearálta de shaghas áirithe, éadrom go hiondúil, ag formhór na ndaltaí. Tá sé tugtha faoi deara go bhfuil mionlach daltaí ann le IQ (Sainuimhir Intleachta) de 100 nó os a chionn ar thástálacha caighdeánaithe IQ. Go minic is fearr i bhfad scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na ndaltaí ná a gcuid scileanna le huimhreacha agus le smaointeoireacht theibí. In amanna is lag a bhíonn a gcuimhne chloisteála ghearrthéarmach. Ach, bíonn a gcuimhne fhadtéarmach i bhfad níos fearr. Go minic déanfaidh na daltaí seo sárobair agus iad ina suí ag obair ar ríomhairí nó ar dhathú. In amanna tiocfaidh deacrachtaí mothúchána sóisialta chun cinn. Tá sé tábhachtach a thuiscint gur cuid den siondróm í iompraíocht na ndaltaí agus nach d'aon turas a dhéanann siad a leithéid go hiondúil. In amanna tá seans go mbeidh comhordú lag agus cothromaíocht lag le feiceáil chomh maith. Bíonn cíocras láidir chun bia ag daltaí a bhfuil an siondróm orthu agus déanfaidh siad rud ar bith chun bia a fháil. Dá bharr seo, is deacair dóibh smacht a chur ar an meáchan a chuireann siad suas.

Siondróm Prader-Willi Aitiópúil: tá seans go mbeidh diagnóis de shiondróm Prader-Willi ar roinnt daltaí, ach nach mbeidh an chuma fhisiceach thíópúil orthu.

Siondróm Prader-Willi Faighte: is féidir le hairíonna a bhaineann le siondróm Prader-Willi a fháil trí dhamáiste don hipeotalamas nó óna mhífheidhmiú (is cuid den inchinn é an hipeotalamas a rialaíonn teocht an choirp, meitibileacht cheallach, agus feidhmeanna cosúil le hithe agus codladh). Sna cásanna seo, ní bheidh aon chuid de na mínormáltachtaí géiniteacha ag daltaí agus ní bheidh ach roinnt den chuma fhisiceach orthu; mar sin féin, tá seans go mbeidh na fadhbanna iompraíochta agus goile a bhaineann leis an siondróm ann. Nuair atá obair ar siúl le daltaí a bhfuil siondróm Prader-Willi faighte orthu is féidir úsáid a bhaint as teicnící foghlama agus teagaisc atá éifeachtach



do dhaltaí a bhfuil fíorshiondróm Prader-Willi orthu.



Leideanna Foghlama agus Teagaisc

- Rófhoghlaim agus athdhéanamh: beidh ort an dá rud sin a dhéanamh le daltaí má tá droch-chuimhne ghearrthéarmach acu.
- Más smaointeoir liteartha é an dalta, tá seans go mbeidh deacracht ag an dalta le tascanna a bhaineann le húsáid na samhlaíochta. Smaoinigh ar eispéiris réalaíocha agus ar shamplaí coincréiteacha a chur isteach sna ceachtanna.
- Tagann tuirse go héasca ar a lán daltaí a bhfuil siondróm Prader-Willi orthu. Cuir seo san áireamh ar feadh an lae ar scoil agus dá bharr seo is fearr coincheapa agus ábhair nua a thabhairt isteach go luath sa lá.
- Tá seans go mbeidh ort scileanna sóisialta a theagasc go soiléir.
- Tá seans go mbeidh drochscileanna próiseála éisteachta ag daltaí a bhfuil siondróm Prader-Willi orthu, agus beidh tionchar aige seo ar conas a leanann siad teoracha. Tá seans go mbeidh leideanna amhairc ag teastáil sa réimse seo chun cabhrú le daltaí.
- Tá seans go mbeidh deacrachtaí ag daltaí le scileanna oll-luaileacha, agus go mbeidh ort mionathruithe a dhéanamh i gcás ceachtanna áirithe cosúil le Corpoideachas.
- Ba chóir duit ábhair agus eispéiris choincréiteacha a úsáid i dteagasc na Matamaitice.
- Má fheictear duit go bhfuil daltaí trína chéile agus iad ag obair ar thasc, déan codanna beaga den tasc chun é a dhéanamh níos éasca.
- Má tá ort déileáil le hiompraíocht mhíchúí agus má tá córas ann le haitheantas a thabhairt do dhéa-iompraíocht feicfidh tú go mbeidh tionchar maith ag an gcóras ar fhormhór na ndaltaí a bhfuil Prader-Willi orthu.
- Pléigh leis an tuismitheoir/cúramóir an rud ba chóir don scoil a dhéanamh faoi conas cothú a rialú. Ina theannta sin, faigh comhairle faoin mbealach is fearr chun déileáil le claontaí tógála bia laistigh den scoil.
- Bíonn deacracht ag roinnt daltaí oibriú i ngrúpaí: cuir seo san áireamh nuair atá an próiseas foghlama á oiriúnú agat.
- Tá comhsheasmhacht an ghnáthaimh fíorthábhachtach, agus má tá athrú ar tí tarlú sa ghnáthamh, déan cinnte de go n-inseoidh tú sin don dalta roimh ré.
- Laistigh de theagasc an Chorpoideachais, b'fhéidir go mbeidh moladh agus spreagadh breise ag teastáil ón dalta chun tabhairt faoi thascanna.
- Tá tairseach ard péine ar dhaltaí a bhfuil siondróm Prader-Willi orthu.
- Taitníonn obair ríomhaire le formhór na ndaltaí agus ba chóir smaoinemh air mar mhodh chun daltaí a chur ag obair le hábhar nua agus mar bhealach eile chun an fhoghlaim a léiriú.



Acmhainní/Tagairtí Breise

1. Butler, M.G., Lee, P.D.K. and Whitman, B.Y. (eds.) (2005) *Management of Prader-Willi Syndrome* (3ú eag.), Nua Eabhrach: Springer.
2. Irish Prader-Willi Syndrome Association, láithreán gréasáin: <http://www.pwsai.ie/>
3. James, T.N. agus Brown, R.I. (1992) *Prader-Willi Syndrome: Home, School and Community*, Londain: Chapman and Hall.
4. Prader-Willi Alliance New York, láithreán gréasáin: <http://www.prader-willi.org/>
5. Prader-Willi Syndrome Association (RA), láithreán gréasáin: <http://pwsa.co.uk/main.php>
6. Prader-Willi Syndrome Association (SAM), láithreán gréasáin: <http://www.pwsausa.org/>
7. Waters, J. (1999) *Prader-Willi Syndrome: A Practical Guide (Resource Materials for Teachers Series)*, Londain: David Fulton Publishers.

